Cúrsaí Scannánaíochta san Iarthar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí scannánaíochta i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. gradam oinigh	*a) surge/boom*
2. aitheantas	*b) local economy*
3. tionscal na scannán & teilifíse	*c) recognition*
4. an earnáil scannánaíochta	*d) permanent status*
5. bronnadh	*e) the film & television industry*
6. borradh	f) *honorary award*
7. ionad léiriúcháin	g) *was awarded*
8. stádas buan	h) *forever*
9. go deo na deor	i) *production centre*
10. eacnamaíocht áitiúil	j) *the filming sector*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht an t-eolas ar dheis a mheaitseáil leis na focail ar chlé.

1. Uachtarán na hÉireann	**a**. bronnadh stádas buan Chathair Scannánaíochta UNESCO ar na háiteanna sin
2. cúig chathair	**b**. líon na ndaoine a oibríonn sa scannánaíocht san Iarthar
3. Dúirt Siobhán Ní Ghadhra	**c**. bronnadh gradam oinigh ó Chathair Scannánaíochta na Gaillimhe air
4. Dúirt Eibhlín Ní Mhunghaile	**d**. gur mór an onóir don chathair é an oiread suime a bheith ag muintir na cathrach sa scannánaíocht
5. 600 duine	**e**. an luach atá ar an earnáil scannánaíochta don eacnamaíocht áitiúil
6. €72 milliún	**f**. gur ionad mór léiriúcháin í an Ghaillimh agus go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta ag an gcathair anois

1	2	3	4	5	6

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus aimsigh cúpla sampla den séimhiú tar éis na réamhfhocal seo: ***ó*** agus ***de***.

de, ***do***, ***faoi***, ***mar***, ***ó***, ***roimh*** agus ***trí***.

A. Cad a leanann na réamhfhocail shimplí sin?

B. Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Foghlaimeoidh tú (trí) (ceisteanna) _____ a chur.
2. Bain an mála sin (de) (Sinéad) _____.
3. Faigh amach (ó) (Áine) _____ an bhfuil sí ag teacht anocht.
4. Tabhair an leabhar (do) (Úna) _____.
5. Sílim go bhfuil an cat (faoi) (bord) _____ na cistine.
6. Tá mé bréan (de) (foghlaim) _____ na teanga seo.
7. Beidh sé anseo (roimh) (tús) _____ na seachtaine.
8. Thug sí cupán tae (do) (Bríd) _____.
9. Cad a cheapann tú (faoi) (teacht) _____ an gheimhridh?
10. Tá Síle ag feidhmiú (mar) (ionadaí) _____.

Ceist 5 Measctar brí na bhfocal seo thíos go minic. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

bunú	**vs**	**bunadh**
méid	**vs**	**méad**
méid	**vs**	**líon**

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an scannán nó cé hé/hí an stiúrthóir scannáin is fearr leat? Cén fáth?
2. An bhfuil cultúr láidir scannánaíochta againn sa tír seo, dar leat?
3. Ó thaobh cúrsaí cultúrtha de, an gceapann tú go bhfuil tionscal na scannán chomh tábhachtach céanna le cúrsaí litríochta, mar shampla?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	c	e	j	g	a	i	d	h	b

Ceist 2
Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3
Féach an script.

1	2	3	4	5	6
c	a	f	d	b	e

Ceist 4
'ó Chathair'
'de chuid'
'de chúig'
'de Chathair Bhaile Átha Cliath'

A. Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail (a thosaíonn le consan) a leanann na réamhfhocail ***de***, ***do***, ***faoi***, ***mar***, ***ó***, ***roimh*** agus ***trí***. Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta, ach amháin tar éis **de** agus **do**: coimrítear iad roimh ghuta nó f + guta.

B
1. Foghlaimeoidh tú **trí cheisteanna** a chur.
2. Bain an mála sin **de Shineád**.
3. Faigh amach **ó Áine** an bhfuil sí ag teacht anocht.
4. Tabhair an leabhar **d'Úna**.
5. Sílim go bhfuil an cat **faoi bhord** na cistine.
6. Tá mé bréan **d'fhoghlaim** na teanga seo.
7. Beidh sé anseo **roimh thús** na seachtaine.
8. Thug sí cupán tae **do Bhríd**.
9. Cad a cheapann tú **faoi theacht** an gheimhridh?
10. Tá Síle ag feidhmiú **mar ionadaí**.

Ceist 5
- Bunadh – *origin*
  Is de bhunadh na hÉireann muid.
- Bunú (an t-ainm briathartha den bhriathar *bunaigh*) – *establishment*
  Bunú na scoile.

- Méid (firinscneach) – *amount, degree*
  Chuir an méid oibre a bhí le déanamh agam déistin orm.
- Méid (baininscneach) – size
  Cén mhéid atá sna bristí sin?
- Méad – an t-ainm teibí céime de 'méid'.
  Cá mhéad leabhar atá agat?

- Líon – *number*
  Tá borradh ag teacht ar líon na ndaoine atá ag obair san oifig.
- Méid – *amount*
  Tá borradh ag teacht ar an méid oibre atá le déanamh.
- Is fearr *líon* a úsáid ag trácht ar dhaoine agus *méid* a úsáid i gcásanna eile.

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bronnadh gradam oinigh ó Chathair Scannánaíochta UNESCO na Gaillimhe ar Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ag ócáid i nGaillimh tráthnóna. Aitheantas atá sa ngradam[1] ar an méid atá déanta ag an Uachtarán le tionscal na scannán agus teilifíse a chur chun cinn agus ar an obair a rinne sé nuair a bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

Irene Ní Nualláin
Bronnadh gradam Chathair Scannánaíochta na Gaillimhe ar Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ag ócáid a bhí ar siúl san ionad scannánaíochta Cluain Mhuire i gceantar Pháirc an Tobair i nGaillimh inniu, don obair mhór atá déanta aige don earnáil seo.

Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann
Is cuimhin liom na daoine ar nós Joe Comerford agus Lelia Doolan, Tiernan MacBride agus Bob Quinn, agus daoine mar iad. Bhíodar…is iadsan a choinnigh cúrsaí scannánaíochta le chéile san Iarthar sna hochtóidí, ansin i 1993 nuair bhí seans agam féin nithe áirithe a dhéanamh, dar ndóigh, bhí tábhacht ag baint le bunú Theilifís na Gaeilge, bunú Bhord Scannánaíochta na hÉireann[2] anseo i nGaillimh, agus tá sin tábhachtach.

Irene Ní Nualláin
Tá bliain caite ó bronnadh an t-aitheantas Cathair Scannánaíochta de chuid na heagraíochta UNESCO ar Chathair na Gaillimhe. Tá Gaillimh ar cheann de chúig chathair eile a bhfuil an stádas seo acu, Sydney na hAstráile agus Bradford in Leeds Shasana ina measc.

Siobhán Ní Ghadhra, Danú Media
Tá borradh iontach faoin earnáil san Iarthar faoi láthair agus sílim, taobh amuigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, tá sé tugtha le fios gurb í Gaillimh an chéad ionad léiriúcháin is mó sa tír, agus sílim go gcuirfidh sé go mór leis. Tugann sé aitheantas idirnáisiúnta don chathair agus don chontae as ucht na hoibre scannánaíochta[3] a bhíonn ar siúl anseo. Agus ardóidh sé sin go mór an méid oibre atá ar siúl sa gceantar[4], le cúnamh Dé.

Eibhlín Ní Mhunghaile, Deasc na hEorpa Cruthaithí, Gaillimh
Is stádas buan atá ann; beidh sé againn go deo na ndeor, rud atá an-tábhachtach go deo. Ach, chomh maith leis sin, is cineál, is dóigh, onóir dúinn mar chathair go bhfuil an méid sin suime againn sa scannánaíocht.

Irene Ní Nualláin
Meastar go bhfuil breis is 600 duine ag obair san earnáil scannánaíochta i gCathair na Gaillimhe anois agus gur fiú €72 milliún í don eacnamaíocht áitiúil chuile[5] bhliain.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] Córas Chonnacht
[2] *Bord Scannán na hÉireann* an teideal oifigiúil
[3] *an obair scannánaíochta* a deirtear
[4] Córas Chonnacht
[5] *gach uile* an leagan caighdeánach